C/2025/6783

29.12.2025

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maoiniú an Chláir um Thionscal Cosanta na hEorpa (EDIP) agus na hIonstraime um Thacaíocht don Úcráin faoi Rialachán EDIP

(C/2025/6783)

Aithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gur gá tacú le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí agus le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch cosanta na hÚcráine chun a n-iomaíochas a mhéadú trí dhlús a chur le coigeartú na tionsclaíochta d'athruithe struchtúracha, lena n-áirítear trí acmhainneachtaí táirgeachta a mhéadú agus tríd an gcomhar a mhéadú maidir le soláthar táirgí cosanta, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán a eascraíonn as cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin, ar cogadh é atá gan chúis gan údar.

Gan dochar do shainphribhléidí an údaráis bhuiséadaigh faoi chuimsiú nósanna imeachta buiséadacha bliantúla amach anseo, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint, mar ábhar tosaíochta, agus réamhghealltanais pholaitiúla an údaráis bhuiséadaigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear chun costas úis na hionstraime téarnaimh a chumhdach, ar roghanna chun an buiséad don Chlár um Thionscal Cosanta na hEorpa agus don Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin a threisiú i gcomhréir le pointe 18 den chomhaontú idirinstitiúideach maidir leis an smacht buiséadach, gan cláir agus cistí comhchosúla de chuid an Aontais a laghdú.